## TÉIGH I DTEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat fanacht i dteagmháil leis an tionscadal trínár suíomh gréasáin, áit a mbeifear ag postáil nuashonruithe ar an dul chun cinn chomh maith le sonraí faoi na hoibreacha atá ar siúl. Chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost nó sa phost ag:


**Bainisteoir Tionscadail FRS Caisleán Na Finne**

**An Oifig Tionscadail: RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontair, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43**

**Ríomhphost:** castlefinnfrs@rpsgroup.com


## NAISC ÁBHARTHA

**Láithreán Gréasáin:** https://countydonegalfrs.ie/castlefinnfrs/

COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW
Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

# CAISLEÁN NA FINNE

## Scéim Faoisimh Tuilte

Nuachtlitir Uimh.12
Deireadh Fómhair 2023

**https://countydonegalfrs.ie/castlefinnfrs**



## CÉN CHÉIM AG A BHFUIL AN TIONSCADAL?

Bhí cás tuile i gCaisleán na Finne Dé Sathairn 22 Iúil  i ndiaidh báisteach trom a d'fhág tuile ag acomhal an N15 agus an Phríomhshráid (R235) taobh amuigh de McGlynn's agus an réadmhaoin mórthimpeall. Tá tuairisc freagartha ar thuile réidh ag RPS le mionsonraí na tuile a fháil agus a anailís a dhéanamh orthu. Tá an t-eolas atá ar fáil ag teacht le leibhéal agus le minicíocht tuile tuartha san anailís hidreolaíoch agus i múnla hiodrálach na scéime. Cé go n-aithníonn muid nach mór an sólás an t-eolas seo ag daoine a ndeachaigh an tuile i bhfeidhm orthu, tugann sé athdhearbhú gur láidir an mheasúnacht ar a bhfuil dearadh na scéime bunaithe.

Chuir RPS an Dréacht-Tuairisc Deiridh de Chéim I den scéim isteach chuig an Ghrúpa Stiúrtha. I ndiaidh athbhreithniú agus freagairt ar na ceisteanna deireanacha cuirfear na cáipéisí ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail. Cuirfidh sé seo deireadh le Céim I den tionscadal.

Rinneadh freagairtí ar cheisteanna a ardaíodh ag Lá Eolais don Phobail Chaisleán na Finne i Mí na Samhna 2022 a uaslódáil chuig suíomh gréasáin an tionscadail.

Tá Líníochtaí Pleanála á bhforbairt ag RPS faoi láthair agus tá talamh á aimsiú a bheidh de dhíth don Scéim mar chuid de thascanna Céim II (Pleanáil).

## AN ROGHA SCÉIME IS FEARR FRS CHAISLEÁN NA FINNE

Soláthróidh an Rogha Scéime Is Fearr Caighdeán Cosanta (SoP) aon bhliain as céad. Forbraíodh Plean Oiriúnaithe Um Athrú Aeráide agus Plean Intógthachta, Oibríochtaí agus Cothabhála chomh maith. Rinneadh leasuithe beaga ar an Rogha is Fearr Scéime mar gheall ar na pleananna seo. .

Is ionann an Rogha Scéime Is Fearr agus an rogha a luadh i nuachtlitir Mhí an Mheithimh.

Tá mionsonraí faoin Rogha Scéime Is Fearr ar fáil ar shuíomh gréasáin Tionscadal FRS Chaisleán na Finne ag

https://countydonegalfrs.ie/castlefinnfrs/index.php/public-information-day

## IMSCRÚDÚ TALAIMH AGUS SUIRBHÉANNA

Tá an tImscrúdú Talaimh chun tacú le dearadh imlíne (Pleanáil) na scéime curtha i gcrích anois, den chuid is mó. Rinne RPS athbhreithniú ar na dréacht-táirgí insoláthartha agus tá siad i mbun plé leis an chonraitheoir chun iad seo a thabhairt chun críche.


D'fhorbair RPS sonraíocht le haghaidh suirbhé topagrafach breise atá de dhíth le tacú le dearadh na Scéime. Déanfar é seo a sholáthar gan mhoill.

## MEASÚNACHT TIMPEALLACHTA

Tá measúnacht Timpeallachta ar an Rogha Scéime Is Fearr beagnach curtha i gcrích. D'eisigh an Grúpa Stiúrtha dréacht den Ráiteas Tionchar Natura go ndéanfaí athbhreithniú air go luath i Mí Bealtaine 2023. Cuirfear dréacht-chaibidlí EIAR amach chuig an Ghrúpa Stiúrtha go luath i Mí na Samhna.


Cuireadh suirbhéanna crann maidir le hialtóga agus suirbhéanna maidir le teacht chun cinn ialtóg do dhá fhoirgneamh i Caisleán na Finne i gcrích.

Cuireadh cóireáil speiceas ionrach i gcrích i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair. Is é seo an 4ú bliain den chóireáil seo i gCaisleán  na Finne.




*An Rogha Scéime is Fearr do Chaisleán na Finne*

## BREAC-CHUNTAS AR CHLAR SCEIM




*Is meastacháin iad ha hamscálaí a thugtar ach d'fhéadfaí iad a athrú. Tá an Fhoireann Tionscadail ag obair go dian le deiseanna a aimsiú tascanna an tionscadail a bhrostú chun moill ar an chlár a mhaolú*

## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Cuirfear Céim I den Tionscadal i gcrích gan mhoill agus an tuairisciú réidh ar a n-áirítear an Tuairisc Mheasúnachta maidir le Tionchar Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura don Rogha Scéime Is Fearr agus uaslódáil cáipéisíocht iomlán Chéim I chuig suíomh gréasáin an tionscadail. Chuir RPS tús le Céim II den Tionscadal nuair a iarrfar cead ar an Údarás Pleanála Cuí. Is tascanna leanúnacha iad chun tacú leis seo ná níos mó suirbhéanna a sholáthar, measúnacht ar thionchair úinéirí talaimh agus na cáipéisí pleanála a ullmhú.